**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000014/2024**
**ar an gCoimisiún**
Riail 142
**Niels Fuglsang (S&D), Marina Kaljurand (S&D), Tilly Metz (Verts/ALE), Raquel García Hermida-Van Der Walle (Renew), Dario Tamburrano (The Left), Maria Noichl (S&D), Anja Hazekamp (The Left), Romana Jerković (S&D), Emil Radev (PPE), Manuela Ripa (PPE), Per Clausen (The Left), Günther Sidl (S&D), Thomas Waitz (Verts/ALE), Pär Holmgren (Verts/ALE), Sigrid Friis (Renew), Lynn Boylan (The Left), Stine Bosse (Renew), Annalisa Corrado (S&D), Krzysztof Śmiszek (S&D), Sebastian Everding (The Left), Cristina Guarda (Verts/ALE), Maria Zacharia (NI), Martin Hojsík (Renew), Marianne Vind (S&D), Michal Wiezik (Renew), Petras Auštrevičius (Renew), Valentina Palmisano (The Left), Gaetano Pedulla' (The Left), Jussi Saramo (The Left), Anne-Sophie Frigout (PfE), Marc Angel (S&D), Anders Vistisen (PfE), Robert Biedroń (S&D), Carolina Morace (The Left), Younous Omarjee (The Left), Maria Guzenina (S&D), Assita Kanko (ECR), Gerben-Jan Gerbrandy (Renew)**

Ábhar: Pleananna an Choimisiúin chun an t-athbhreithniú ar na tograí atá fós ar na bacáin faoi leas ainmhithe a chur san áireamh ina phlean oibre le haghaidh 2025

Is cuid phríomha den straitéis an Aontais 'ón bhfeirm go dtí an forc', a ghlac an Coimisiún in 2020, é an gealltanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar *acquis* leasa ainmhithe an Aontais faoi 2023. Leis seo, leagadh amach na spriocanna chun an reachtaíocht a ailíniú leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí, a raon feidhme a leathnú, a forfheidhmiú a dhéanamh níos éasca agus, ar deireadh, leibhéal níos airde leasa ainmhithe a áirithiú.

I mí an Mheithimh, 2021, chinn an Coimisiún freagairt go dearfach don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal *End the Cage Age* [Ná Coinnímis Ainmhithe i gCásanna Feasta]. Sa teachtaireacht uaidh, leag an Coimisiún amach pleananna i gcomhar togra reachtaigh chun cásanna a thoirmeasc i gcomhair roinnt ainmhithe feirme mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin.

I mí na Nollag, 2023, mar fhreagra ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal *Fur Free Europe* [Eoraip Saor ó Fhionnadh], dúirt an Coimisiún go ndéanfadh sé measúnú cúramach ar an gá atá le toirmeasc ar fheirmeoireacht fionnaidh agus margú fionnaidh san Aontas, agus ar indéantacht an toirmisc sin.

I mí na Nollag, 2023, níor fhoilsigh an Coimisiún ach togra ar leas agus inrianaitheacht madraí agus cat, in éineacht le togra le haghaidh rialachán nua maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair. Tá an t-amlíne don sciar de na tograí atá fágtha fós doiléir, ach luaigh ionadaithe den Choimisiún thoradh an Phlé Straitéisigh faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach arís agus arís eile mar tháscaire den phróiseas leantach.

I mí an Mhárta, 2024, reáchtáil Parlaimint na hEorpa díospóireacht le linn an tsuí iomlánaigh a d'iarr amlíne soiléir do bhaint amach na dtograí sin, ach níor thug an Coimisiún freagra beacht.

I mí Mheán Fómhair, 2024, sa tuarascáil chomhdhearcaidh deiridh uaidh, áitíodh ar an gCoimisiún sa Phlé Straitéiseach ar Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe faoi 2026 a mholadh, lena n-áirítear toirmeasc ar chásanna, bunaithe ar an eolaíocht is déanaí agus ar Mhúnla na gCúig Réimse.

I bhfianaise an mhéid thuas, an gcuirfidh an Coimisiún an t-athbhreithniú ar na gníomhartha reachtacha atá fágtha faoi leas ainmhithe (lena gcumhdaítear ainmnithe ar coimeád, marú agus lipéadú) san áireamh ina phlean oibre do 2025, chun a áirithiú gur féidir na tograí atá fós ar na bacáin faoi leas ainmhithe a bhaint amach faoi 2026?

Curtha síos: 12.11.2024
Spriocdháta i gcomhair freagra: 13.2.2025